Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026
(OR. en)

10208/26

LIMITE

ECOFIN 782
FISC 212
UD 168
ENV 674
CLIMA 305
CODEC 1102
*EIB*
*ECB*

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0419(COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann lena raon feidhme a leathnú chuig earraí iartheachtacha agus bearta frith-imchéimniúcháin<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. De réir mar a fograíodh sa‘Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan’[1] agus sa ‘Plean Gníomhaíochta maidir le Cruach agus Miotail’[2], d’eisigh an Coimisiún togra an 17 Nollaig 2025 le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann lena raon feidhme a leathnú chuig earraí iartheachtacha agus bearta frith-imchéimniúcháin.[3]

[1] 6515/25.
[2] 7288/25.
[3] 16973/25 + ADD 1-6.

2. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an togra sin ón gCoimisiún, lena bhféachtar le Rialachán (AE) 2023/956 an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha[4] ('an Rialachán maidir le SCCT') a leasú:

(a) raon feidhme SCCT a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol sceite carbóin i gcás táirgí atá níos faide síos an slabhra luacha (táirgí iartheachtacha) ina bhfuil na táirgí cruach agus alúmanaim atá faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le SCCT faoi láthair;

(b) roinnt bearta frith-imchéimniúcháin a thabhairt isteach atá ceaptha chun cosc a chur ar sheachaint oibleagáidí SCCT;

(c) feabhas a chur ar na rialacha teicniúla maidir le hastaíochtaí a shannadh do leictreachas d'fhonn dícharbónú allmhairí leictreachais a spreagadh.

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra reachtach sin an 19 Márta 2026.[5] Tá na tuairimí ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Choiste Eorpach na Réigiún ar feitheamh.

## II. STAID NA hIMEARTHA

4. An 9 Iúil 2025, d'athbhunaigh Coreper an Mheitheal *ad hoc* um an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (Meitheal *ad hoc* SCCT), agus tagann an obair ullmhúcháin a bhaineann leis an gcaibidlíocht maidir leis an togra reachtach sin faoina sainordú.

5. Thug Uachtaránacht na Cipire tús áite don obair ar an gcomhad sin agus d'iarr sí ar na Ballstáit an obair ullmhúcháin is gá a thabhairt i gcrích in am don chruinniú a bheidh ag an gComhairle (Ecofin) i mí an Mheithimh 2026.

---

[4] IO L 130, 16.5.2023, lgh. 52–104. Arna leasú (arna shimpliú) le Rialachán (AE) 2025/2083 (IO L, 2025/2083, 17.10.2025, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2083/oj ).

[5] 7828/26.



PUBLIC

6. Ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 3 Meitheamh 2026, d'fhéadfadh tromlach mór na dtoscaireachtaí glacadh leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht; ní rabhthas in ann teacht ar an tacaíocht trí thromlach cáilithe ba ghá go fóill, áfach.

7. Faoi láthair, tá 3 phríomh-shaincheist ann (a leagtar amach i gCuid III den nóta seo), atá fós le réiteach, chun sainordú caibidlíochta a fháil le Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcomhad sin.

8. Thairis sin, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní eile atá fós ann, rinne an Uachtaránacht Airteagal 22(2) a choigeartú i gcaoi is go soiléirítear ann anois gur féidir le dearbhóirí SCCT brath ar na sonraí iarbhír maidir le hastaíochtaí leabaithe don bhliain 2027, go dtí go bhfíorófar iad sula gcuirfear an dearbhú isteach.

9. Leagtar amach an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht, ina léirítear an leasú sin, in 10209/26.

## III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

### *(a) Raon feidhme SCCT a leathnú thar an togra ón gCoimisiún (liosta de chóid AC, leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le SCCT)*

10. Tá raon feidhme reatha an Rialacháin maidir le SCCT teoranta do thacar earraí bunábhair, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis (alúmanam, stroighin, leictreachas, leasacháin, hidrigin, agus iarann agus cruach). Is minic a úsáidtear na bunábhair sin mar ionchuir idirmheánacha chun earraí níos faide síos an slabhra luacha (táirgí iartheachtacha) a tháirgeadh. Chun éifeachtacht chuspóirí SCCT a chaomhnú, molann an Coimisiún go leathnófaí raon feidhme an Rialacháin le SCCT le liosta 180 earra iartheachtacha (táirgí a thagann faoi chóid AC[6] shonracha).

[6] 'Ainmníocht Chomhcheangailte' - Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

11. Deir an Coimisiún sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra sin go ndearnadh an rogha earraí sin 'trí úsáid a bhaint as sraith táscairí éifeachtúlachta agus comhréireachta, lena n-áirítear na hastaíochtaí iomlána táirgthe agus allmhairiúcháin in aghaidh an chóid AC agus táscaire lena ngabhtar comhdhéanamh ábhartha táirgí iartheachtacha. […] Thairis sin, baineadh úsáid as táscairí chun a áirithiú go gcuirtear castacht na slabhraí soláthair san áireamh freisin agus earraí á roghnú. Ar an mbonn sin, leathnaítear leis an togra raon feidhme SCCT chuig táirgí iartheachtacha roghnaithe atá dian ar chruach agus ar alúmanam ar bhealach a uasmhéadaíonn na sochair chomhshaoil trí astaíochtaí breise a chumhdach, agus a theorannaíonn an t-ualach riaracháin agus castachtaí d'allmhaireoirí agus d'oibreoirí tríú tír, a mhéid is féidir.'

12. Léiríodh sa phlé a rinneadh in Coreper agus sa Mheitheal *ad hoc* SCCT go n-aontaíonn na toscaireachtaí uile leis an bprionsabal gur cheart aon roghnú earraí (cóid AC) atá le cur san áireamh i raon feidhme SCCT a bheith bunaithe ar shraith critéar oibiachtúil.

13. I bhfianaise an phlé sin, tá na critéir seo a leanas á gcur i bhfeidhm chun raon feidhme an togra ón gCoimisiún sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht a leathnú (a mhodhnú):

(a) earraí a roghnú a bhfuil an fhine 6 dhigit chéanna (fo-cheannteideal an Chórais Chomhchuibhithe) acu le cóid AC sa togra ón gCoimisiún, agus a chomhlíonann prionsabal na hinionadaitheachta agus na comhlántachta, agus cóid a chur isteach freisin a chomhlíonann na tairseacha uile a úsáidtear mar bhonn don togra ón gCoimisiún;

(b) earraí a roghnú a bhfuil na cóid AC 4 dhigit chéanna (ceannteideal an Chórais Chomhchuibhithe) acu sa togra ón gCoimisiún, a bhfuil an tairseach astaíochtaí acu (ní áirítear ach earraí ag a bhfuil astaíochtaí 50 Kt $CO_2e$ nó níos mó in aghaidh an tonna d'earra);



PUBLIC

(c) a luaithe a chuirtear na critéir thuas i bhfeidhm, roghnaítear cóid bhreise (agus baintear cuid acu den togra ón gCoimisiún) ag féachaint do leibhéal na n-astaíochtaí, an chumais trádála, na hábharthachta, sainiúlachtaí na slabhraí soláthair agus luacha, rioscaí imchéimniúcháin nó inionadaitheachta, ag féachaint do chomhsheasmhacht agus éifeachtúlacht SCCT a choinneáil ar bun, agus comhleanúnachas le beartais eile de chuid an Aontais á áirithiú ag an am céanna, mar shampla cosaint na sláinte poiblí, agus uaillmhian aeráide an Aontais á caomhnú.

14. Le cur i bhfeidhm na gcritéar thuas, soláthraítear rogha de chóid AC a leagtar amach mar mhodhnú ar liosta na gcód AC in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an téacs comhréitigh.[7]

15. Pléadh an rogha sin de chóid AC breise cheana féin ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 3 Meitheamh, inar iarr roinnt toscaireachtaí go leathnófaí liosta na gcód AC a thuilleadh, agus bhí toscaireachtaí eile i bhfabhar cur chuige níos faichillí, go mbeadh an síneadh sin, más ann dó, chomh gar agus is féidir don togra ón gCoimisiún. Mar sin féin, d'fhéadfadh tromlach mór na dtoscaireachtaí glacadh leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht, agus chuir roinnt Ballstát in iúl nach mbeidís in ann glacadh le leathnú níos uaillmhianaí ar an raon feidhme ná mar a mhol an Uachtaránacht.

16. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil leasú ar Airteagal 30(3) den Rialachán maidir le SCCT sa téacs comhréitigh freisin, lena dtabharfaí isteach athbhreithniú bliantúil ar na táirgí iartheachtacha a d'fhéadfaí a mholadh lena gcur faoi raon feidhme SCCT.

[7] Féach 'Nóta 1' agus 'Nóta 2' ag deireadh Iarscríbhinn I in 10209/26 (leathanach 81 agus leathanach 108).



PUBLIC

17. Bunaithe ar na barúlacha sin, tá an Uachtaránacht den tuairim go laghdófaí an leibhéal tacaíochta atá ann faoi láthair don téacs comhréitigh dá ndéanfaí aon mhodhnú breise ar an téacs comhréitigh maidir leis an tsaincheist sin (aon leathnú nó laghdú breise ar liosta na gcód AC). Creideann an Uachtaránacht gur cheart go nglacfadh na toscaireachtaí leis an réiteach sin, de mheon an chomhréitigh, mar an seasamh tosaigh ón gComhairle sa chaibidlíocht a dhéanfar le Parlaimint na hEorpa.

18. Ba mhaith leis an Uachtaránacht a thabhairt dá haire freisin gur cheart a mheas gur sainordú 'solúbtha' iad liosta na gcód AC agus na critéir chun iad a roghnú ós rud é nach mór faireachán agus coigeartú leanúnach a dhéanamh orthu bunaithe ar nuashonruithe ábhartha sonraí agus faisnéise eile go dtí go dtiocfaidh na comhreachtóirí ar chomhaontú críochnaitheach maidir leis an gcomhad sin.

***(b) Cumhacht a thabhairt don Choimisiún earraí sonracha a bhaint go sealadach de raon feidhme SCCT (Airteagal 27a)***

19. Mhol an Coimisiún Rialachán SCCT a fhorlíonadh le hAirteagal 27a, lena dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun earraí sonracha a bhaint de raon feidhme SCCT i gcás imthosca tromchúiseacha gan choinne a dhéanfadh díobháil thromchúiseach do mhargadh inmheánach an Aontais. De bhun an togra ón gCoimisiún, bheadh an t-aistriú sin sealadach agus mhairfeadh sé go dtí go mbeadh na himthosca tromchúiseacha agus neamh-intuartha sin caite.

PUBLIC

20. Bhí formhór na dtoscaireachtaí i gcoinne cumhachtú chomh leathan sin a thabhairt don Choimisiún (go príomha mar gheall ar an mbaol go gcuirfí éifeachtacht SCCT i mbaol agus mar gheall ar raon feidhme neamhbheacht an chumhachtaithe). Mar sin féin, measann roinnt toscaireachtaí gur cuid fhíor-riachtanach den chomhréiteach foriomlán é Airteagal 27a.

21. Chun seasaimh na mBallstát a dhúnadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní pholaitiúla agus dhlíthiúla ábhartha atá acu, tá tús curtha ag an Uachtaránacht le hAirteagal 27a a dhéanamh níos soiléire agus níos mionsonraithe agus le sásra agus teorainneacha an chumhachtaithe don Choimisiún sin a bheachtú.

22. Ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 3 Meitheamh, d'fhéadfadh formhór mór na mBallstát glacadh le téacs comhréitigh na hUachtaránachta den Airteagal seo, ina bhforáiltear anois gur féidir leis an gCoimisiún tús a chur leis an nós imeachta maidir le hearraí sonracha a eisiamh go sealadach ó SCCT trí ghníomh cur chun feidhme is féidir a ghlacadh faoi choinníollacha an-docht.

23. Mheas roinnt toscaireachtaí, áfach, go bhfuil na critéir lena bhféadfar tionscnamh an Choimisiúin maidir le gníomh cur chun feidhme a thionscnamh róshriantach (Airteagal 27(3a)):

(a) méadú leanúnach ar phraghsanna (gan dliteanas airgeadais SCCT a chur san áireamh), i gcás ina bhfuil méadú níos mó ná 50 % tagtha ar an meánphraghas allmhairiúcháin arna shloinneadh i bpraghsanna tairiseacha earra a bhfuil spleáchas allmhairiúcháin ag an Aontas ina leith i gcomparáid le meánphraghas allmhairiúcháin an earra SCCT chéanna le 10 mbliana anuas;

(b) má táthar le méadú áirithe ar phraghsanna a choinneáil, ba cheart faireachán a dhéanamh air thar thréimhse 6 mhí ar a laghad.

PUBLIC

24. Ar bhonn an phlé a rinneadh go dtí seo agus ar bhonn teagmhálacha déthaobhacha breise, tá an Uachtaránacht den tuairim go bhféadfadh coigeartú breise ar na critéir sin nó aon leasú eile ar théacs Airteagal 27a an leibhéal tacaíochta atá ann cheana don chomhréiteach foriomlán a laghdú.

25. Agus é á chur san áireamh, sa chomhthéacs sin, gur thagair roinnt toscaireachtaí don ardú atá ag teacht ar phraghsanna leasachán, tugann an Uachtaránacht dá haire, sa teachtaireacht a d'eisigh anCoimisiún le déanaí dar teideal 'Plean Gníomhaíochta Leasacháin: Comhpháirtíocht chun infhaighteacht, inacmhainneacht agus uathriail straitéiseach a áirithiú i leasacháin dhúchasacha an Aontais,'[8] a eisíodh an 19 Bealtaine 2026, tugann an Coimisiún an méid seo a leanas le fios:

(a) *'Cuirfidh an Coimisiún tuilleadh feabhais ar [SCCT], lena n-áirítear trí obair a i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle ar na tograí uaidh chun dul i ngleic le rioscaí imchéimnithe SCCT a d'fhéadfadh a bheith ann ionas go dtacóidh sé go héifeachtach freisin le hearnáil leasacháin an Aontais agus, ar an gcaoi sin, go laghdóidh sé spleáchas earnála talmhaíochta iomláine an Aontais ar allmhairí', agus*

(b) *'[t]á gá freisin le bonn fianaise níos láidre maidir le tionchar an chreata rialála leasacháin ar fheirmeoirí. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún grinnmheastóireacht ar an gcaoi a gcuirtear costais a bhaineann le SCCT agus CTA ar aghaidh sna praghsanna leasacháin a íocann feirmeoirí agus ar deireadh thiar ar phraghsanna bia. Cuirfidh sé feabhas ar an mbonn fianaise maidir le forbairtí praghsanna ar leibhéal na feirme ar bhonn níos leithne.'*

26. I bhfianaise an mhéid sin, molann an Uachtaránacht go nglacfadh na toscaireachtaí le hAirteagal 27a mar atá sé faoi láthair, mar chuid de shainordú caibidlíochta na Comhairle agus é ina bhonn maith don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

---

8 9437/26.



PUBLIC

*(c) Na réigiún is forimeallaí: forálacha maidir le díolúine ó oibleagáidí SCCT (b'fhéidir Airteagal 2(13) nua den Rialachán maidir le SCCT)*

27. Ó cuireadh tús leis an gcaibidlíocht sa Chomhairle maidir leis an gcomhad seo, tá Ballstát amháin a bhfuil iarraidh á coinneáil ar bun aige go bhforlíonfaí an Rialachán maidir le SCCT le forálacha sonracha (Airteagal 2(13) nua) lena gceadófaí ábhair thógála áirithe[9] (nó, de rogha air sin, earraí a thagann faoi raon táirgí stroighne) a allmhairítear isteach sna réigiúin is forimeallaí agus nach mbeartaítear ach iad a úsáid go háitiúil, go gceadófaí iad a dhíolmhú go sealadach ó na hiarmhairtí airgeadais a ghintear leis an Rialachán maidir le SCCT.

28. Ardaíodh an tsaincheist sin freisin ag cruinniú Chomhairle Ecofin i mí an Mhárta 2026[10]. Tá bunús leis an iarraidh sin de bhrí go mbíonn cuid de na réigiúin is forimeallaí ag brath go mór ar allmhairí, i bhfianaise a fhad atá siad ó chríoch mhórthír an Aontais, agus nach mbíonn, in go leor cásanna, aon rogha mhalartach inmharthana ann chun foinsí soláthair a athrú go roghanna malartacha 'níos glaise'. Dá bhrí sin, áitítear go bhféadfadh tionchar SCCT a bheith díréireach sna cásanna sin ó thaobh costais mhéadaitheacha de, go háirithe i gcás ábhair thógála. Áitítear freisin go mbeadh tionchar diomaibhseach ar an gcomhshaol ag sásra díolúine dea-spriocdhírithe, agus gur féidir rioscaí calaoise a íoslaghdú trí bhíthin rialú agus coimircí cuí.

29. Go dtí seo, áfach, ní bhfuair an iarraidh sin go leor tacaíochta ó Bhallstáit eile. Is iad na príomhábhair imní atá ann nach mór comhsheasmhacht agus éifeachtacht SCCT a chaomhnú, agus gur ann do rioscaí méadaithe calaoise, a d'fhéadfadh aon tairbhe a chealú a dtiocfadh as an díolúine sin.

[9] Iad siúd a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/3110 (agus nach bhfuil aon mharcáil 'CE' orthu).
[10] 7055/26.



PUBLIC

30. Tugann an Uachtaránacht dá haire go bhfuil an Coimisiún ag obair go leanúnach ar na saincheisteanna a bhaineann leis na réigiúin is forimeallaí agus go gcoinníonn sé forléargas iomlán ar an staid, i gcomhthéacs Airteagal 349 CFAE freisin.

31. Sa chlár oibre ón gCoimisiún do 2026, cuireann séin iúl go bhfuil sé ar intinn aige tionscnamh nua a eisiúint — teachtaireacht maidir le straitéis do na réigiúin is forimeallaí[11]. Ina theannta sin, luaitear freisin i nglao ar fhianaise ón gCoimisiún[12] arna eisiúint le déanaí an fhéidearthacht tionscnamh reachtach a bheith ann le haghaidh Rialachán maidir le bearta simplithe beartais do na réigiúin is forimeallaí san Aontas.

32. Tabharfaidh sin deis chun a mheas a thuilleadh an bhfuil gá le bearta trasearnálacha ar leibhéal an Aontais maidir leis an tsaincheist sin, agus cad é an réiteach is iomchuí (má tá gá le leasú sonrach ar Rialachán SCCT nó an bhféadfaí bearta beartais eile a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin).

33. I bhfianaise an mhéid sin, molann an Uachtaránacht, de mheon an chomhréitigh, nár cheart, ag an gcéim seo, an tsaincheist a bhaineann leis na réigiúin is forimeallaí a réiteach i bhfoirm leasú ar an Rialachán maidir le SCCT.

PUBLIC

11 14261/25 ADD 1 (Iarscríbhinn I, mír 22).

12 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/15713-Strategy-for-the-EUs-outermost-regions_en (Ref. Ares(2025)9919727-17/11/2025)

## IV. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

34. Tá an Uachtaránacht den tuairim gur cheart, sa téacs comhréitigh a leagtar amach in 10209/26, an chothromaíocht cheart a bhaint amach anois agus aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir na toscaireachtaí in iúl, agus gur bonn maith é chun bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht sin.

35. Ba cheart a mheabhrú freisin go mbeidh go leor gnéithe de SCCT faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil de bhun Airteagal 30 de Rialachán SCCT, chun leanúint den obair i dtreo réitigh mharthanacha, inbhuanaithe.

36. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir le téacs an dréacht-Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann lena raon feidhme a leathnú chuig earraí iartheachtacha agus bearta frith-imchéimniúcháin, a leagtar amach in 10209/26 é.

PUBLIC